

Ábhar

Mír Físe

Raidió na Gaeltachta

Speaking Irish
Aonad 13, Agallamh 4
01:13:19

Dara Ó Cinnéide

(Le caoinchead ó na húdair agus ó na foilsitheoirí McGraw-Hill).

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



Raidió na Gaeltachta

Réamhobair

Beidh tú ag féachaint ar Dhara Ó Cinnéide ag labhairt faoi Raidió na Gaeltachta. Déan an réamhobair seo ar dtús leis an duine in aice leat sula bhféachann tú ar an mír.

1. Pléigí cad é go díreach atá i gceist le Raidió na Gaeltachta. Scríobhaigí alt gearr a chuirfeadh síos air. Dírígí ar na nithe seo: ról, pobal éisteachta, suíomh.
2. Pléigí cén áit go díreach a bhfuil na háiteanna seo a leanas a luaitear sa mhír:

Tír Chonaill
An Rinn
Oileán Chléire
Múscraí
Corca Dhuibhne
Uíbh Ráthach

3. Pléigí aon eolas atá agaibh faoi na nithe seo a luann Dara:

Comórtas Peile na Gaeltachta
Oireachtas na Gaeilge

Éisteacht

1. Scríobh síos na pointí a dhéanann Dara faoi ról Raidió na Gaeltachta agus cuir i gcomparáid iad le cinn an duine in aice leat.
2. Cad é an leagan Gaeilge a bhí ag Dara ar na frásaí seo?:
 - it was founded
 - three main dialects
 - in their own area
 - on a daily basis
 - entertainment


Feasacht Teanga

1. ‘Comórtas Peile na Gaeltachta’

Pléigh an ghramadach atá i gceist sa fhrása thuas.

2. ‘ó dheas in Uíbh Ráthach’ ach ‘Nuacht an Deiscirt’. Mínigh cén chuid den teanga atá i gceist leis na nathanna seo.

Líon na bearnaí sa léaráid thíos:



3. Cuir na briathra ‘ag dul’ agus ‘ag teacht’ roimh na treonna ‘thuaidh’, ‘theas’, ‘thoir’, ‘thiar’.
4. ‘Nuacht an Deiscirt’

Cuir an patrún céanna i bhfeidhm ar na pointí léarscáile eile (thuaidh, thoir, thiar).

5. Cuir Gaeilge ar na frásaí seo a leanas:

in the southeast
in the northwest
in the northeast
in the southwest

6. Is minic sa Ghaeilge a bhíonn rudaí maithe i gceist nuair atá an duine ag bogadh ón taobh thiar go dtí an taobh thoir agus bíonn rudaí olca i gceist nuair atá an taobh thuaidh i gceist. Bunaithe ar an méid sin, an féidir leat a thomhas cad is brí leis na frásaí seo?

- tá teacht aniar sa duine sin
- tá thiar ar Mhicheál
- chugam aniar tú!
- tá sé ag titim siar
- tháinig sé aniar aduaidh orm
- tá sé imithe siar ó thuaidh
- cuireann sé soir mé

An bhfuil a fhios agat cén Ghaeilge atá ar na frásaí seo?

- upside down
- inside out
- back to front

7. Cloistear an-chuid ceisteanna ar agallaimh Raidió na Gaeltachta. Cothaíonn foirmeacha ceisteacha deacrachtaí uaireanta sa Ghaeilge – déan iarracht Gaeilge a chur ar na cinn seo.

- Why did you do that?
- When did you move to Dublin?
- What year did you write that book?
- Where was the event?
- Why do you think that?
- When were you in America?

Iarobair

1. Cad atá ar eolas agat faoi sheirbhísí raidió i nGaeilge? Faigh amach níos mó faoi na cinn seo:

Raidió Rí Rá
Raidió Fáilte
Raidió na Life

nó

2. Cuardaigh podchraoltaí Raidió na Gaeltachta agus roghnaigh clár a mbeadh spéis agat ann. Éist leis an gclár agus scríobh cuntas air faoi na ceannteidil seo: (i) ábhar an chlár; (ii) cainteoirí / láithreoir; (iii) conas mar a thaitin an clár leat; (iv) aon deacrachtaí tuisceana a bhí agat.

nó

3. Cum sraith ceisteanna le cur ar dhuine ar bhreá leat agallamh a chur air/uirthi.

nó

4. Faigh amach níos mó faoi Anocht FM agus scríobh nóta eolais faoi.

Téipscript

Stáisiún Raidió na Gaeltachta – bunaíodh é i naoi gcéad seachtó a dó chun freastal ar éileamh a bhí ag pobal na Gaeltachta go mbeadh seirbhís raidió trí mheán na Gaelainne ar fáil dóibh. Go dtí san, ní raibh ann ach seirbhís raidió trí mheán an Bhéarla. Tá, is dócha, d’fhéadfá a rá, trí mhórchánúint go bhfreastalaíonn siad orthu. Ar dtús, Dún na nGall, canúint Thír Chonaill, fé mar a déarfá, canúint na Gaillimhe agus canúint Chúige Mumhan anseo. Táimidne anseo i Raidió na Gaeltachta i gCiarraí ag freastal ar mhuintir na Rinne, ar phobal Oileán Chléire, ar phobal Gaeltachta Mhúscraí agus ar phobal Chorca Dhuibhne agus an Ghaeltacht ó dheas ansin in Uíbh Ráthach chomh maith.

Bhuel is dóigh liom go gcuireann sé seirbhís ar fáil dóibh, cuireann sé eolas ar fáil dóibh ar an méid atá ag tarlú ina, ina ndúthaigh fhéin agus cuireann... agus go gcabhraíonn sé leo chomh maith aithne a chur ar mhuintir na Gaeltachta ar fud na tíre. Tá Comórtas Peile na Gaeltachta ann dó san, gan dabht, agus tá comórtas Oireachtas... Oireachtas Náisiúnta na Gaeilge chomh maith ann, ach tá Raidió na Gaeltachta ann ar bhonn laethúil, chun nuacht a chur ar fáil dóibh, chun ceol a chur ar fáil dóibh, chun spórt agus siamsaíocht a chur ar fáil dóibh ar bhonn Gaelainne agus trí mheán na Gaelainne.